CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2021/1009 ÓN gCOMHAIRLE

an 18 Meitheamh 2021

lena leasaítear Cinneadh 2013/233/CBES maidir le Misean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM na Libia)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 22 Bealtaine 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/233/CBES ([1]), lena mbunaítear Misean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM na Libia).

(2) An 19 Eanáir 2020, glacadh liosta conclúidí ag Comhdháil Bheirlín maidir leis an Libia agus cuireadh an creat dá gcur chun feidhme ar bun trí "Phróiseas Bheirlín" chun tacú leis an bplean trí phointe a chuir Ionadaí Speisialta Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe Ghassan Salamé faoi bhráid Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus é mar chuspóir aonair cabhrú leis na Náisiúin Aontaithe an comhphobal idirnáisiúnta a aontú agus iad ag tacú le réiteach síochánta ar ghéarchéim na Libia.

(3) An 12 Feabhra 2020, i Rún 2510 (2020) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe uaithi, d'fháiltigh an Chomhairle Slándála roimh Chomhdháil Bheirlín maidir leis an Libia agus d'fhormhuinigh sí conclúidí na Comhdhála, agus í ag tabhairt dá haire gur gné thábhachtach iad na conclúidí sin de réiteach cuimsitheach ar an staid sa Libia.

(4) An 29 Meitheamh 2020, faoi na cúinsí a bhaineann le paindéim COVID-19, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/903 ([2]), lena gcuirtear síneadh le sainordú EUBAM na Libia go dtí an 30 Meitheamh 2021.

(5) I gcomhthéacs an athbhreithnithe straitéisigh ar EUBAM na Libia, d'aontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála (PSC) an 2 Márta 2021, gur cheart síneadh 2 bhliain, go dtí an 30 Meitheamh 2023, a chur leis an Misean. Chomh maith leis sin, d'aontaigh PSC an 30 Márta 2021 go ndéanfaí an dara cuspóir straitéiseach chun tacú le hiarrachtaí na Náisiún Aontaithe ar son na síochána sa Libia mar chuid de Phróiseas Bheirlín a chur le sainordú an Mhisin, laistigh de raon feidhme chroíréimsí rannpháirtíochta an mhisin (bainistiú teorainneacha, forfheidhmiú an dlí agus ceartas coiriúil), agus gur cheart aon tacaíocht a d'fhéadfaí a thabhairt amach anseo tríd an Misean a chinneadh ag céim níos déanaí, ar bhonn na hanailíse straitéisí tiomnaithe arna cur i láthair ag an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, dá ndéanfadh na Náisiúin Aontaithe nó údaráis na Libia iarraidh fhoirmiúil ina leith.

(6) An 16 Aibreán 2021, i Rún 2571(2021) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, d'iarr Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ar na páirtithe uile comhaontú sosa cogaidh an 23 Deireadh Fómhair 2020 a chur chun feidhme ina iomláine agus d'iarr sí ar Bhallstáit na Náisiún Aontaithe cur chun feidhme iomlán an chomhaontaithe sin a urramú agus tacú leis, lena n-áirítear trí na fórsaí agus na hamhais uile ón Libia a tharraingt siar gan a thuilleadh moille. Thairis sin, d'iarr sí ar Rialtas na Libia feabhas a chur ar chur chun feidhme an trádbhaic arm, lena n-áirítear ag gach pointe iontrála, a luaithe a fheidhmíonn sé maoirseacht, agus d'iarr sí ar Bhallstáit uile na Náisiún Aontaithe comhoibriú leis na hiarrachtaí sin.

(7) Ba cheart Cinneadh 2013/233/CBES a leasú dá réir sin.

([1]) Cinneadh 2013/233/CBES ón gComhairle an 22 Bealtaine 2013 maidir le Misean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM na Libia) (IO L 138, 24.5.2013, lch. 15).

([2]) Cinneadh (CBES) 2020/903 ón gComhairle an 29 Meitheamh 2020 lena leasaítear Cinneadh 2013/233/CBES maidir le Misean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM na Libia) (IO L 207, 30.6.2020, lch. 32).

(8) Cuirfear EUBAM na Libia i gcrích i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar ghnóthú chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2013/233/CBES mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

"Airteagal 2

Cuspóirí

1. Cabhróidh EUBAM na Libia le húdaráis na Libia struchtúir slándála an stáit a thógáil sa Libia, go háirithe i réimsí an bhainistithe teorann, fhorfheidhmiú an dlí agus an cheartais choiriúil d'fhonn rannchuidiú leis na hiarrachtaí chun cur isteach ar líonraí coiriúla eagraithe a bhfuil baint acu go háirithe le smuigleáil imirceach, gáinneáil ar dhaoine agus sceimhlitheoireacht sa Libia agus i réigiún na Meánmhara Láir.

2. Tacóidh EUBAM na Libia leis na hiarrachtaí atá á stiúradh ag na Náisiúin Aontaithe ar son na síochána sa Libia i réimsí an bhainistithe teorann, fhorfheidhmiú an dlí agus an cheartais choiriúil.";

(2) leasaítear Airteagal 3 mar seo a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráitÍ:

"Chun an cuspóir a leagtar amach in Airteagal 2(1) a bhaint amach, déanfaidh EUBAM na Libia an méid seo a leanas:";

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

"1a. Má dhéanann údaráis na Náisiún Aontaithe nó údaráis na Libia iarraidh fhoirmiúil, déanfaidh an Chomhairle cinneadh, ar bhonn na hanailíse straitéisí tiomnaithe arna tíolacadh ag an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, faoin tacaíocht a chuirfidh EUBAM na Libia ar fáil chun an cuspóir a leagtar amach in Airteagal 2(2) a chur chun cinn.";

(3) in Airteagal 13(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

"Is é EUR 84 850 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun caiteachas EUBAM na Libia a chumhdach ón 1 Iúil 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2023.";

(4) in Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

"Beidh feidhm aige go dtí an 30 Meitheamh 2023.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2021.

Arna dhéanamh i Brussel, 18 Meitheamh 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. LEÃO